



Baineann formhór na ngearán agus na gceisteanna a fhaigheann an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) le daoine aonair, nó 'ábhair sonraí', atá ag iarraidh a '**gceart rochtana**' a fheidhmiú. Tugann an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), faoi Airteagal 15, an ceart do dhaoine aonair **cóip a iarraidh** dá gcuid sonraí pearsanta atá 'á phróiseáil' (m.sh. á n-úsáid ar bhealach ar bith), ag 'rialaitheoirí' (m.sh. iad siúd a chinneann conas agus cén fáth a bpróiseáiltear sonraí), chomh maith le **faisnéis ábhartha eile** (mar a mhionsonraítear thíos). Go minic, tugtar 'iarrataí rochtana ábhair sonraí', nó 'iarrataí ar rochtain' ar na hiarratais seo. Tá ceart den chineál céanna faoi alt 91 den Acht um Chosaint Sonraí 2018, sa chás go mbíonn sonraí pearsanta á bpróiseáil chun críocha forfheidhmithe dlí.

Ní mór na hiarratais seo a fhreagairt **saor in aisce** agus i bhfoirm **inrochtana**, agus ní mór do rialaitheoirí iarracht a dhéanamh na hiarratais rochtana atá á ndéanamh a éascú agus na hiarratais a fhreagairt go **héasca** araon, lena n-áirítear go **leictreonach**, sa chás gur cuí agus sa chás go n-iarrann an duine aonair a leithéid.

Ba chóir go bhfreagródh an treoir seo a leanas formhór na gceisteanna a bhíonn á gcur go minic ag daoine aonair atá ag lorg cóipeanna dá sonraí pearsanta, chomh maith leis na rialaitheoirí atá ag déanamh tréan-iarracht déileáil le hiarrataí rochtana atá á bhfáil acu.

### Cén uair a bheidh duine aonair i dteideal iarraidh rochtana a dhéanamh?

Níl aon **choinníollacha ar leith ann** is gá a shásamh ionas go mbeidh ar chumas daoine aonair iarraidh rochtana a dhéanamh. Féadfaidh duine aonair iarraidh rochtana a dhéanamh ar aon rialaitheoir a shíleann siad a sonraí a bheith á bpróiseáil acu.

### Cén fhaisnéis a bhfuil an duine aonair ina teideal nuair a dhéanann siad iarraidh rochtana?

Tá **cúpla gné dhifriúil** ann i ndáiríre leis an gceart chun rochtain a fháil faoi Airteagal 15 den GDPR. Ar dtús, tá daoine aonair i dteideal **deimhniú** a fháil an bhfuil rialaitheoir ag próiseáil aon chuid dá sonraí pearsanta nó nach bhfuil, a chiallaíonn aon fhaisnéis a bhaineann leo. Sa chás gur mar sin atá an cás, tá siad i dteideal **cóip** dá sonraí pearsanta a fháil freisin. Chomh maith leis sin, tá daoine aonair i dteideal **faisnéis bhreise eile** a fháil maidir lena gcuid sonraí pearsanta atá á bpróiseáil.

Áirítear ar an bhfaisnéis bhreise a bhfuil daoine aonair ina teideal: **cuspoirí** na próiseála; na **catagóirí** sonraí pearsanta atá á bpróiseáil; cé leis a bhfuil na sonraí pearsanta á **gcomhroinnt**; **an t-achar** a bheidh na sonraí pearsanta á stóráil; **na cearta** éagsúla atá ag an ábhar sonraí; an ceart chun **gearán** a dhéanamh leis an DPC; faisnéis maidir le **cá háit** as ar bailíodh na sonraí; fáil ar chinnteoireacht uathoibríthe (ar nós '**próifiliú**'); agus na

**cosaintí** atá i bhfeidhm má aistrítear sonraí pearsanta chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta. In go leor cásanna, beidh an fhaisnéis seo á cur ar fáil cheana féin ag rialaitheoirí do na hábhair sonraí, ar nós, trína bhfógra príobháideachais.

## Cé chomh leathan is féidir le scóip iarrata rochtana a bheith?

Cé go bhfuil an duine aonair i dteideal cuid ar bith nó a gcuid sonraí pearsanta go léir a rochtain, sa chás go bhfuil **go leor faisnéise** á próiseáil ag rialaitheoir a bhaineann leis an duine aonair, ba chóir go mbeadh an rialaitheoir in ann a **iarraidh go dtabharfaidh an duine aonair soiléireacht** ó thaobh an iarratais, an fhaisnéis nó na gníomhaíochtaí próiseála a theastaíonn uathu a rochtain nó faisnéis ina thaobh.

Níor chóir é sin a dhéanamh ach amháin nuair atá **gá réasúnach** le hiarraidh a **shoiléiriú** agus **gan aon mhoill** a dhéanamh ó thaobh an iarraidh a fhreagairt. Sa chás go n-iarrann rialaitheoir ar dhuine aonair iarraidh a shoiléiriú, ba chóir dóibh é sin a dhéanamh chomh luath agus is féidir. Má dhiúltaíonn an duine aonair iarraidh a shoiléiriú, fós **ní mór don** rialaitheoir an iarraidh bhunaidh a **chomhlíonadh**.

## An gá iarraidh rochtana a dhéanamh i scríbhinn?

Ní **leagann an GDPR amach aon mhodh faoi leith** chun iarraidh bhailí ar rochtain a dhéanamh, dá bhrí sin, is féidir le daoine aonair iarraidh a dhéanamh **i scríbhinn nó ó bhéal**. Molann an DPC, sa chás go ndéantar iarraidh ar rochtain ó bhéal, go ndéanfaidh rialaitheoir **am agus mionsonraí** na hiarrata **a thaifeadadh**, ionas go mbeidh ar a chumas/ar a cumas a chinntiú go gcloíonn siad le agus nach mbíonn aon mhíthuiscint orthu ó thaobh na hiarrata. D'fhéadfadh sé gur mhian le rialaitheoir **fiosrú a dhéanamh leis na daoine aonair** lena dheimhniú go bhfuil an **tuiscint cheart** acu ar an iarraidh. Molann an DPC do dhaoine aonair **iarraidh rochtana a dhéanamh i scríbhinn chomh fada agus is féidir**, le haighneas ó thaobh mionsonraí, an méid, nó an t-am a thógann iarratas ar rochtain a sheachaint.

D'fhéadfadh sé gur mhian le roinnt rialaitheoirí **foirmeacha caighdeánacha nó foirmeacha ar líne** a úsáid do dhaoine aonair le hiarraidh rochtana a chur faoi bhráid – spreagtar é seo fiú i Réamhaithris 59 den GDPR ó thaobh iarrataí leictreonacha. Cé go bhféadfadh foirmeacha den sórt seo cuidiú le **sruthlíniú** a dhéanamh ar an gcleachtadh maidir le ceart rochtana agus tacú le freagraí leanúnacha agus tráthúla, ba chóir do rialaitheoirí a thabhairt ar aird gur féidir iarrataí rochtana **a dhéanamh go bailí fós trí bhealaí eile**, ar nós litir, ríomhphost, glaoch gutháin nó fiú ar na meáin shóisialta.

Sa chás go ndéantar iarraidh rochtana, d'fhéadfadh rialaitheoir cuireadh a thabhairt, nó an duine aonair a spreagadh iarraidh rochtana a chur faoi bhráid trí fhoirm ainmnithe ina áit sin, ach ní mór dóibh a dhéanamh soiléir nach bhfuil sé seo **éigeantach** agus go **gcuirtear tús leis an spriocdháta** le freagra a thabhairt ar an iarraidh rochtana ón am a ndéantar **iarraidh bhailí trí** aon bhealach eile, ní trí fhoirm ainmnithe amháin. Mar sin féin, beidh an fhoirm ar líne ar an modh is éifeachtaí go minic do dhuine aonair lena n-iarraidh a dhéanamh agus le freagra a fháil ar an iarraidh sin ar bhealach tráthúil.

## An gá iarraidh rochtana a dhéanamh chuig pointe teagmhála sonracha atá ainmnithe ag an rialaitheoir?

Mar a chéile leis an gceist maidir leis an bhformáid a d'fhéadfadh iarraidh rochtana a thógáil, sa chás go bhfuil **pointe teagmhála** áirithe **nó comhalta foirne ainmnithe** ag rialaitheoirí le hiarrataí rochtana a láimhseáil, beidh teagmháil a dhéanamh leo, de ghnáth, ar an mbealach **is éifeachtaí** do dhuine aonair le freagra scafánta a fháil ar a n-iarraidh, ach **níor chóir é a bhreithniú a bheith éigeantach**.

Is féidir **iarraidh rochtana bhailí** a dhéanamh **le haon chomhalta foirne** de chuid an rialaitheora. D'fhéadfadh dúshlán a bheith i gceist leis seo, go háirithe in easnamh feasachta nó oiliúint leordhóthanach maidir le hoibleagáidí cosanta sonraí. Ní mór go **gcinnteoidh** rialaitheoirí go bhfuil **córais i bhfeidhm** ionas gur féidir déileáil go cuí le hiarrataí rochtana – go háirithe maidir leis an bhfoireann a bhíonn ag idirghníomhú go rialta le custaiméirí nó leis an bpobal.

Amhail foirmeacha caighdeánacha, is féidir le rialaitheoir **ábhair sonraí a spreagadh le teagmháil a dhéanamh le pointe teagmhála ainmnithe**, ach **ní féidir leo iallach** a chur orthu a leithéid sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, sa chás go ndéantar iarraidh le comhalta foirne eile, d'fhéadfadh sé gurbh é an cur chuige is soiléire ná an iarraidh **a chur ar aghaidh** chuig an bpointe teagmhála ceart, chomh fada is a dhéantar **cóip d'iarraidh rochtana an duine aonair** agus an próiseas ó thaobh na hiarrata a láimhseáil a mhíniú dó/di.

## An bhfuil aon fhoirmeáltachtaí eile riachtanach d'iarraidh rochtana bhailí?

Níl aon riachtanais fhoirmiúla eile ann le go mbeidh iarraidh rochtana bailí, seachas an iarraidh a bheith **sách soiléir le gníomhú uirthi** agus go mbíonn **aitheantas** an iarratasóra réasúnta soiléir. Ní mór do dhaoine aonair a bheith soiléir go leor maidir leis an bhfaisnéis atá á lorg acu, agus níor chóir **cruthúnas maidir lena gcéannacht a iarraidh ach amháin má tá sé réasúnta agus comhréireach** a leithéid a dhéanamh. Sa chás go dteastaíonn níos mó faisnéise ó thaobh cruthúnas céannachta ón rialaitheoir, ní mór dóibh an **t-iarratasóir a chur ar an eolas chomh luath agus is féidir**, agus cuirtear tús leis an teorainn ama le freagra a thabhairt ar an iarraidh nuair a fhaigheann siad an fhaisnéis bhreise.

Ní dóigh **go mbeadh sé cuí cruthúnas céannachta a lorg** nuair nach mbíonn **aon amhras i ndáiríre ann** maidir le céannacht; ach sa chás go bhfuil amhras ann, nó faisnéis atá íogair á lorg, ansin d'fhéadfadh sé a bheith cuí cruthúnas a iarraidh. Níor chóir do rialaitheoirí ach a **laghad faisnéise breise is atá riachtanach** agus **comhréireach** a lorg ar mhaithe le céannacht an iarratasóra a chruthú.

Chomh maith leis sin, **níl aon ghá** do dhuine aonair **cineál áirithe focail** a úsáid, nó fiú reachtaíocht cosanta sonraí a lua go sonracha, le hiarraidh rochtana bailí a dhéanamh; d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach, áfach, **ar mhaithe le soiléireacht** a lua gur **iarraidh rochtana** atá san iarraidh, de bhun na reachtaíochta cosanta sonraí ábhartha.

## Cá fhad atá ag rialaitheoir le hiarraidh rochtana a fhreagairt?

Ní mór do rialaitheoirí a fhaigheann iarraidh rochtana bhailí ón ábhar sonraí an iarraidh a fhreagairt **gan mhoill mhíchuí** agus **laistigh d'aon mhí amháin** ar **a laghad** tar éis na hiarrata a fháil. Is féidir le rialaitheoir **síneadh dhá mhí eile** a chur **leis an am** le freagra a thabhairt má tá an iarraidh **casta** nó má tá **líon iarrataí** faighte acu ón **duine aonair céanna**, ach fós ní mór dóibh an duine aonair a chur ar an eolas laistigh d'aon mhí amháin ó fhaigheann siad an iarraidh rochtana agus **míniú a thabhairt dóibh** cén fáth go raibh an síneadh riachtanach.

Sa bhreis air sin, is **dea-chleachtas** atá ann do rialaitheoirí iarratasóirí a choinneáil **suas chun dáta go rialta** maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ar a n-iarraidh, agus fógra leordhóthanach a thabhairt dóibh ó thaobh aon mhoill a d'fhéadfadh a bheith ann nó iarratais ar shoiléireacht nó cruthúnas céannachta.

## Cén chaoi ar chóir do rialaitheoir an fhaisnéis a chur ar fáil do dhaoine aonair?

Is é an riail ghinearálta gur chóir do rialaitheoir iarrataí rochtana duine aonair a fhreagairt **ar an mbealach céanna** is a rinneadh an iarraidh, nó ar an **mbealach a raibh freagra á iarraidh go sonrath** ag an iarratasóir. Sa chás go ndéantar iarraidh go leictreonach, ní mór do rialaitheoirí an fhaisnéis atá ag teastáil a chur ar fáil i **bhformáid leictreonach a úsáidtear go minic**, mura n-éilíonn an duine aonair a mhalairt.

Sa chás go ndéanann duine aonair iarraidh rochtana ó bhéal, d'fhéadfadh sé go mbeadh siad ag iarraidh nó go mbeadh siad sásta **le freagra ó bhéal** ar a n-iarraidh rochtana, ag brath ar chineál na hiarrata. Ní mór do rialaitheoirí breithniú a dhéanamh ar **thaifead a choinneáil** den fhreagra ó bhéal a eisítear, chomh maith leis an méid a thuig siad ón iarraidh. Má iarrtar freagra i scríbhinn san iarraidh, ba chóir do na rialaitheoirí freagra a chur ar fáil i scríbhinn chuig an seoladh atá curtha ar fáil.

## An féidir le rialaitheoirí táillí a ghearradh ar iarratas rochtana a fhreagairt?

Ní féidir, sa chuid is mó de chásanna éileamh a dhéanamh ar dhaoine aonair táille a íoc le hiarraidh rochtana ábhair sonraí a dhéanamh. Is **in imthosca thar a bheith teoranta**, de réir Airteagal 12(5) den GDPR, sa chás go bhfuil an chéad iarraidh 'gan bhunús nó iomarcach' (rud a chaithfidh an rialaitheoir a chruthú), ní féidir le rialaitheoir '**táille réasúnta**' a ghearradh le haghaidh na **costais riaracháin** a bhaineann leis an iarraidh a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, is féidir le rialaitheoirí táille réasúnta a ghearradh, bunaithe ar chostais riaracháin, nuair a iarrann duine aonair cóipeanna breise dá shonraí/dá sonraí pearsanta a bhfuil próiseáil á dhéanamh orthu.

## An bhfuil aon teorainneacha eile ar cheart rochtana?

Faoi Airteagal 12(5) GDPR, in **imthosca teoranta**, sa chás go bhfuil an iarraidh rochtana '**gan bhunús nó iomarcach**', is féidir le rialaitheoir freisin, sa chás gur cúí, **diúltú ar ghníomhú** de réir na hiarrata. Tá sé deacair, áfach, freastal ar an **tairseach ard seo**, agus ní

mór don rialaitheoir a bheith in ann a **chruthú** go bhfuil an iarraidh gan bhunús nó iomarcach, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh cibé an bhfuil an iarraidh athráiteach. Ba chóir go mbeadh **fíorbheagán cásanna** inar féidir le rialaitheoir seasamh le diúltú ó thaobh gníomhú de réir iarraidh ar an mbonn seo.

Tá **teorainn ghinearálta** ar chleachtadh an chirt chun rochtana faoi Airteagal 15(4) den GDPR, ina luaitear nár chóir den cheart chun cóip a fháil de na sonraí pearsanta atá á bpróiseáil tionchar diúltach ('tionchar dochrach') a bheith **ar chearta agus ar shaoirsí daoine eile**, ar nós príobháideachas, rúin na ceirde, nó cearta maoine intleachtúla. Mar sin féin, sa chás go bhfuil údar imní ag rialaitheoir ó thaobh an tionchar a bheidh i gceist leis an iarraidh a chomhlíonadh, ní chóir **gur díreach diúltú** don fhaisnéis go léir a sholáthar don duine aonair a bheadh sa fhreagra a thugann siad, ach ba chóir dóibh **iarracht a dhéanamh an iarraidh a chomhlíonadh** chomh fada agus is féidir agus cosaint leordhóthanach a chinntiú ag an am céanna do chearta agus do shaoirí daoine eile.

Cé gur **ceart bunúsach cosanta sonraí** é an ceart chun sonraí pearsanta a rochtain ní **ceart absalóideach** atá ann, agus tá sé faoi réir ag **eisceachtaí teoranta**. Ceadáítear in Airteagal 23 den GDPR cearta ábhar sonraí a shrianadh in imthosca áirithe. Ní mór go mbeidh aon srianta den sórt sin leagtha amach i 'mbeart reachtúil', meas a léiriú ar bhunús chearta bunúsacha agus ar shaoirsí, a bheith **riachtanach agus comhréireach** i sochaí daonlathach **agus leas an phobail a chosaint**. Tá forálacha áirithe san Acht um Chosaint Sonraí 2018 ina ndéileáiltear le srianta ar chearta ábhar sonraí, lena n-áirítear, ailt 59, 60, agus 61 go háirithe, a thugann tuilleadh éifeachta do na forálacha faoi Airteagal 23 den GDPR.

Dá réir sin, má bhreithníonn rialaitheoir go bhfuil údar maith le faisnéis áirithe a choinneáil siar sa fhreagra ar iarraidh rochtana, ní mór **go n-aithneofar díolúine** faoin GDPR nó faoi Acht na bliana 2018, **míniú a sholáthar** maidir leis an údar a bhfuil feidhm leis agus **léiriú** a thabhairt go bhfuil an brath ar an díolúine **riachtanach agus comhréireach**.